Fiontar

Léachtóir Gaeilge – teagasc na teanga
Conradh dhá bhliain (ó 1 Meán Fómhair 2010)

An Post

Post léachtóireachta é seo a mbaineann dualgais teagaisc agus taighde leis. Tá folúntas ar an bhfoireann teagaisc do léachtóir Gaeilge a ghlacfaidh cúram de mhúineadh na teanga agus a léireoidh ceannaireacht acadúil i bhforbairt modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama. Beidh dualgais teagaisc ar leibhéal bunchéime agus iarchéime i gceist.

Seo thíos na céimeanna teagasctha atá a riar ag Fiontar faoi láthair:
BA Gnó agus Gaeilge
BA Gaeilge agus Iriseoireacht
MSc i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais
Teastas/ Dioplóma/ MA sa Ghaeilge (Sochaí agus Teanga)
Teastas/ Dioplóma/ MA sa Ghaeilge (Acmhainní Teanga)

Beifear ag súil go ndéanfaidh an léachtóir modúil áirithe a theagasc i gcuid de na réimsí seo thíos chomh maith le múineadh na teanga féin:

- Iriseoireacht na Gaeilge
- Sochaí agus teanga
- Acmhainní teanga (téarmeolaíocht agus eagarthóireacht)

Tá mórthionscadail taighde sna daonnachtaí digiteacha Gaeilge a riar ag Fiontar freisin agus beidh an léachtóir a cheaptar rannpháirteach i ngnéithe áirithe de na tionscadail reatha mar shampla:

- www.focal.ie
- www.logainm.ie
- www.iate.europa.eu (na téarmaí Gaeilge)
- www.ainm.ie

Beidh dualgais áirithe ar an léachtóir freisin maidir le riarachán mac léinn agus le himeachtaí na Scoile de réir mar is gá.

Cáilíochtaí agus taithí riachtanach
Beidh bunchéim onóracha sa Ghaeilge ag an léachtóir a cheapfar mar aon le taithí trí bliana sa teagasc agus/nó sa taighde. Beidh iarchéim i réimse cuí ag an iarrthóir agus beifear ag súil go mbeidh PhD bainte amach nó idir lámha aige/aici.

Scála Tuarastail: €41,502-€43,181

Fiosruithe tosaigh:
An Dr. Caoilfhionn Nic Pháidín, Fiontar, Ollscoil Bhaile Átha Cliath.
Fón: +353 (0)1 700 5173; R-phost: caoilfhionn.nicphaidin@dcu.ie

Spriocdháta iarratais: 14 Meitheamh 2010

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ó:
Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9.
Fón: +353 (0)1 700 5149 Faics: +353 (0)1 700 5500 R-phost: hr.applications@dcu.ie
Tá sonraí iomlána an phoist seo ar www.dcu.ie/vacancies/current.shtml

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tá formhór na dtionscadal taighde seo páirtmhaoinithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta.
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs